

# CEAHT 3

Ceardchumann na hÉireann -  
Tús an 20ú hAois



# CEAHT 3

## Ceardchumann na hÉireann - Tús an 20ú hAois

**Ábhar:** Stair

**Snáithe:** Polaitíocht, Coimhlint agus an tSochaí

Leanúnachas agus Athrú

**Snáithaonad:** Réabhlóid agus athrú i Meiriceá, sa Fhrainc agus in Éirinn

### Cuspóirí Foghlama:

Cuirfear ar chumas an linbh:

- Tabhairt faoi staidéir shimplí ar chuid de na gnéithe is tábhachtaí de thréimhsí ina raibh tionchar tábhachtach ag athruithe nó gluaiseachtaí polaitiúla ar shaol daoine in Éirinn. Caighdeáin mhaireachtála, bochtaineacht, cóiríocht, gairmeacha agus cearta oibrithe go háirithe.
- Léargas a fháil ar dhearcadh agus ar ghníomhartha daoine in Éirinn na linne
- Tuiscint shimplí ar dhearcadh, ar chreidimh, ar inspreagadh agus ar ghníomhartha daoine aonair agus grúpaí éagsúla san am atá thart a iniúchadh

### Acmhainní

- Cur i láthair PowerPoint 3 - *An saol agus an obair in Éirinn go déanach sna 1800idí agus go luath sna 1900idí*
- Grianghraif de Bhaile Átha Cliath go déanach sna 1800idí agus go luath sna 1900idí le haghaidh obair ghrúpa
- Nótaí Post-it, páipéar A2, cárta daite nó bán
- Féach ar nótaí sleamhnáin thíos

### Tús

- An ceacht a chur i láthair trí athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a foghlaimíodh agus a forbraíodh sa cheacht 'Cad is Ceardchumann ann?'
- Cuir taispeántas PowerPoint i láthair, *An Saol go déanach sna 1800idí agus go luath sna 1900idí – Éire*. Is éard a bheadh i gceist leis seo ná ábhar PowerPoint agus nótaí breise a úsáid chun na daltaí a cheistiú, a spreagadh agus chun iad a mhealladh le páirt a ghlacadh.
- Féach an Treoir Acmhainní a ghabhann leis seo ina dtugtar cuntas mionsonraithe ar ábhar an taispeántais PowerPoint mar aon le leideanna agus moltaí do cheisteanna chun an t-ábhar a phlé agus a iniúchadh.



- Plé Grúpa: Tabhair grianghraf ó na 1900idí, é greamaithe ar leathanach A2, do gach grúpa. Tá na grianghraif sin sa taispeántas sleamhnán agus tá siad curtha i dtoll a chéile in aon doiciméad amháin mar acmhainn freisin.
- Iarr ar na leanaí nótaí Post-it a úsáid chun focail nó frásaí a nascann siad leis an ngrianghraf a scríobh síos.
- Spreag iad chun machnamh a dhéanamh ar cheisteanna sa taispeántas PowerPoint (Sleamhnán 2)
- Plé mar rang iomlán: Tar éis an díospóireacht ghrúpa a chríochnú, déan athbhreithniú ar gach grianghraf mar rang agus ar fhocail nó frásaí a mhol gach grúpa. Is féidir le dalta amháin nó níos mó tuairisc a thabhairt air sin. (Is féidir úsáid a bhaint as Sleamhnán 3-6 chun gach grianghraf a thaispeáint)
- Is féidir leis an múinteoir na focail agus na frásaí a chur i dtoll a chéile agus a thaispeáint agus iad a úsáid mar thaispeántais sa seomra ranga, gach ceann acu mórthimpeall ar an ngrianghraf dá dtagraíonn siad.

## Forbairt

- Rang Uile: Cuir céim 1 agus céim 2 de chairt ETF i gcrích - 'an t-eolas atá againn faoi cheardchumann in Éirinn', agus 'an t-eolas atá uainn faoi cheardchumann in Éirinn'
- Pléigh 'Oibrithe in Éirinn' (Sleamhnán 7) agus a bpost, a ról, a saol laethúil agus faigh tuairimí na ndaltaí faoi na dálaí oibre a bheadh acu. Is féidir tagairtí a dhéanamh dá gcuid éadaí oibre, dá n-uirlisí, do na cineálacha tionscal agus is féidir comparáidí a dhéanamh freisin le saol oibrí in Éirinn sa lá atá inniu ann.

## Clabhsúr

- Tugtar píosa cárta do gach dalta agus roghnaíonn siad focal nua amháin atá foghlamtha acu. Is féidir é sin a chur le balla focal an ranga. I gcás go scríobhtar ar chárta bán é, féadfaidh na daltaí dearaí a chruthú nó dathú timpeall ar a bhfocal nua.

## Measúnú

- Breathnóireacht Múinteora
- Ceisteanna ó bhéal
- Cairt ETF
- Léiriú scríofa agus freagraí

## Nótaí Sleamhnáin

### Sleamhnán 2

Spreag na leanaí le machnamh a dhéanamh ar a saol laethúil, ar na gníomhaíochtaí a mbíonn siad páirteach iontu agus le comparáid a dhéanamh leis na gníomhaíochtaí a bheadh ar bun ag na daoine sna grianghraif. Mar shampla, an taisteal chun na scoile, súgradh le cairde, bia agus deoch a aimsiú.



Tá sé tábhachtach cuimhneamh agus a bheith tuisceanach go bhféadfadh roinnt de na daltaí i do rang teacht ó chúlra atá faoi mhíbhuntáiste, a bheith ina gcónaí i gcóiríocht atá faoi bhun an chaighdeáin nó a bheith gan dídean.

### **Sleamhnán 3**

Spreag na daltaí le díriú ar rudaí nó ar struchtúir a aithníonn siad. Mar shampla, an bóthar – cad atá difriúil faoin mbóthar? Níl gluaisteáin ná busanna air.

Déan comparáid idir na foirgnimh agus foirgnimh an lae inniu. Cad iad na difríochtaí eatarthu?

### **Sleamhnán 4**

Arís, díriú ar na gnéithe den ghrianghraf a d'fhéadfadh na daltaí iad a chur i gcomparáid lena saol féin. Na héadaí, mar shampla, agus an cháilíocht agus an stíl a bhaineann leo.

An bhfuil aon rud atá suntasach faoin leanbh beag ar chlé? Cén fáth a bhféadfadh an cás a bheith mar sin go díreach don leanbh sin agus ní do na leanaí eile?

Cad a cheapann tú a dhéanfaidh an teaghlach nó a bhí déanta acu an tráth sin?

### **Sleamhnán 5**

Cad atá á dhéanamh ag an ngrúpa leanaí seo, dar leat? Níl ach duine fásta amháin ann agus grúpa mór leanaí - an bhfuil taithí ag na daltaí ar a leithéid de rud ina saol féin, ar scoil mar shampla?

Féach ar a bhfuil ar na leanaí, an cineál agus an stíl éadaí agus coisbhirt - tá rud éigin suntasach le brath i gcás go leor de na leanaí i lár an ghrianghraif, cad é atá ann? Cén fáth, dar leat, gur sin mar atá?

### **Sleamhnán 6**

Spreag na daltaí le díriú ar ábhar an ghrianghraif seo agus ar cháilíocht cuid de na rudaí agus den troscán.

Cén cur síos a dhéanfaidís ar an teach seo? Déan comparáid idir é agus a dtithe féin

### **Sleamhnán 7**

An bhfuil poist an lae inniu difriúil?

An bhfuil poist dhifriúla againn inniu nach raibh ann san am atá caite? An raibh poist ann i bhfad ó shin nach bhfuil ann inniu nó nach bhfuil chomh coitianta sin inniu?

Díriú ar an bhfocal 'comhdháil' – céard é féin?

Cuir béim ar choincheap an daonlathais, gur féidir le ceardchumann seasaimh a ghlacadh go daonlathach, dul i mbun gnímh nó dlúthpháirtíocht a léiriú má thagann siad le chéile

Bunaíodh Comhdháil Cheardchumann na hÉireann sa bhliain 1894 mar chomhghrúpa ceardchumann chun ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna gach oibrí. Tugadh Comhdháil Cheardchumann na hÉireann (ICTU) uirthi i 1959

